# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2015

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Staidéar Gnó

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit
# State Examinations Commission

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2015**

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I

## Scéim Mharcála agus Réitigh Mholta

# ROINN A

## (80 marc)

**Freagair an 20 ceist ar fad. Tá 4 mharc ag gabháil le gach ceist.**

---

**1.** Amharcaonad Taispeána (Aonad Taispeána Físe)

An Gréasán Domhanda

Láraonad Próiseála

**2.**

| | |
|---|---|
| **Cumarsáid Bhéil**: | Cruinnithe, seimineáir, teileafón, idirchum, na meáin shóisialta |
| **Cumarsáid Scríofa**: | R-phost, cáipéisí gnó, teachtaireachtaí sms, meabhrán, tuairisc, nuachtlitir, cláir fógraí, inlíon |

**3.** (i) Sócmhainní Seasta (ii) €129,000 (iii) Caipiteal Oibre

**4.**

| **Freagra**: **(2)** |
|---|
| 15% |

| **Obair**: **(2)** |
|---|
| Glanbhrabús = 160,000 – 64,000 = 96,000 |
| $\frac{96,000}{640,000} \times \frac{100}{1} = 15\%$ |

**5.** **Mínigh an téarma 'Achtúire'**:

**Is ionann Achtúire agus**: Gairmí airgeadais a dhéanann riosca/toradh agus neamhchinnteacht a anailísiú, rud a úsáidtear ina dhiaidh sin le préimheanna árachais a ríomh.

**6.**

**(i) Cuntas Ceannachán**

| Dr | | | | | Sr |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
| 2015<br>5 Meith. | **(ii) Banc** | 1,700 | | | |

**(iii) Cuntas Bainc**

| Dr | | | | | Sr |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
| | | | 2015<br>5 Meith. | **(iv) Ceannacháin** | 1,700 |

**7.**

| Dr | | **Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe** | | | Sr |
|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | € | Dáta | Sonraí | € |
| 01/05/15 | Iarmhéid t/a | **5,900** | | Airgead Tirim a Fuarthas | **5,400** |
| | Díolacháin | **6,100** | 31/05/15 | Iarmhéid t/s | **6,600** |
| | | 12,000 | | | 12,000 |
| 01/06/15 | Iarmhéid t/a | 6,600 | | | |
| | | | | | |

**NÓ (Formáid Mhalartach)**

| **Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Dr | Sr | Iarmhéid |
| | | € | € | € |
| 01/05/15 | Iarmhéid t/a | | | **5,900** |
| | Díolacháin | **6,100** | | 12,000 |
| | Airgead Tirim a Fuarthas | | **5,400** | **6,600** |
| | | | | |

**8. Mínigh, le sampla, an téarma 'Ionadú Iompórtálacha'.**

Beartas eacnamaíochta a spreagann ionadú iompórtálacha le hearraí/seirbhísí (Éireannacha) a tháirgtear sa tír, e.g. prátaí na hÉireann a cheannach in ionad phrátaí na hÍsiltíre.

**9.**

| | **Ráiteas Oibriúcháin** | **Clár Comhardaithe** |
|---|---|---|
| Díolachán féar tirim | ✓ | |
| Stoc leasú talún (31/12/2014) | ✓ | ✓ |
| Stáblaí | | ✓ |

**10. Mínigh an téarma 'Fruilcheannach'.**

Socrú airgeadais atá i gceist ina mbaineann duine úsáid as earraí ar feadh tréimhse trí éarlais a íoc agus íocaíochtaí rialta a dhéanamh ina dhiaidh sin. Glactar úinéireacht ar na hearraí nuair a dhéantar an íocaíocht deiridh.

**11.**

| **Ó Drisceoil Teo. – Leabhar Cúnta Ginearálta** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | F | Dr | Sr |
| | | | € | € |
| 01/01/2015 | Foirgnimh | $MLG_1$ | 812,000 | |
| | Rótharraingt Bhainc | $LA_1$ | | **22,500** |
| | Creidiúnaithe | $MLC_1$ | | **26,600** |
| | Gnáth-Scairchaipiteal | $MLG_2$ | | **762,900** |
| | *Sócmhainní, Fiachais agus Scairchaipiteal Uí Dhrisceoil Teo. ar an dáta seo.* | | **812,000** | **812,000** |

**12.**

| **Freagra**: | **(2)** |
|---|---|
| €10,450 | |

| **Obair**: | **(2)** |
|---|---|
| 19,000 × 0.45 = 8,550 (íoctha)<br>Drochfhiacha = 19,000 – 8,550 = 10,450<br>**NÓ**<br>19,000 × 0.55 =10,450 (modh malartach) | |

**13.** Mínigh **dhá** chúis le haischuir isteach.

(i) Ní raibh na hearraí mar an gcéanna leis na hearraí a ordaíodh

(ii) Níor seachadadh na hearraí ar an dáta a comhaontaíodh

(iii) Fuarthas cainníocht mhícheart

(iv) Bhí na hearraí damáistithe

**14.**

Sonrasc

Nóta Creidmheasa

Seic

**15.**

Scairshealbhóirí

An Bord Stiúrthóirí

An Roinn Díolacháin

**16.**

| | € |
|---|---|
| Iomlán (gan CBL san áireamh) | 1500.00 |
| Lascaine Thrádála **35%** | **525.00** |
| Fo-iomlán | **975.00** |
| CBL **23%** | **224.25** |
| Iomlán (CBL san áireamh) | **1199.25** |

**17.**

(ii) Ús

(iii) Brabús

(iv) Pá

**18.** B C D

**19.**

| **De Faoite Teo. – Leabhar na nAischur Amach** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Dáta | Sonraí | Uimh. NC | F | Glan € | CBL € | Iomlán € |
| **24/05/15** | **Ó Duibh Teo**. | **50** | **CL** | 5,000 | 1,150 | **6,150** |

**20.** **1.** Tairiscint Speisialta/Praghsáil tionscnaimh ('Cur chun cinn')/Lascainí.

**2.** Urraíocht

**Iomlán 80 marc**

# ROINN B

## Ceist 1: Ceist í seo faoi Bhuiséad Teaghlaigh

| | Iúil | Lúnasa | M. F. | D. F. | Iomlán Iúil – D. F. |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **IONCAM IOMLÁN** | 2,420 | 2,285 | 2,385 | 2,285 | **9,375** |
| **CAITEACHAS IOMLÁN** | 1,795 | 2,045 | 1,935 | 2,025 | **7,800** |
| Coigilteas | 450 | 450 | 450 | 450 | **1,800** |
| (Caiteachas Iomlán agus Coigilteas) **EISÍOCAÍOCHTAÍ IOMLÁNA** | 2,245 | **2,495** | **2,385** | **2,475** | **9,600** |
| Airgead Glan | **175** | **(210)** | **0** | **(190)** | **(225)** |
| Airgead Tosaigh | **596** | **771** | **561** | **561** | **596** |
| Airgead Deiridh | **771** | **561** | **561** | **371** | **371** |

20 figiúir @ ½ an ceann = 10, €371 sa dá cholún =1 mharc **(11 mharc)**

**(B)**

(i) *Cad is buiséad ann?*

**Freagra**:

Tuar nó plean atá i gceist ar ioncam agus caiteachas sa todhchaí ar feadh tréimhse ar leith.

**(3 × 1)**

(ii) *Tabhair breac-chuntas ar* ***dhá*** *chúis go n-ullmhófaí buiséad*

- An fhéidearthacht go mbeadh barrachas ann a mheas agus, má bhíonn, an rud is féidir a dhéanamh leis a mheas.
- An fhéidearthacht go mbeadh easnamh ann a mheas agus, má bhíonn, a mheas conas é a mhaoiniú nó conas deireadh a chur leis.
- Ioncam agus caiteachas do gach mí a mheas, mar aon leis an tréimhse san iomlán le fáil amach an bhfuil na daoine ag maireachtáil laistigh dá chuid acmhainní.

**(2 × 3)**

(iii)

**Mí & Méid**: Lúnasa €210 nó Deireadh Fómhair €190

**(2)**

**(B)** (iv) *Mol slí* ***amháin*** *chun an t-easnamh seo a líonadh.*

**Freagra**: D'fhéadfaidís an méid atá beartaithe acu a choigilt a laghdú nó d'fhéadfaidís an caiteachas lánroghnach a laghdú. **(3)**

(v) Ní raibh

*Tabhair cúis* ***amháin*** *le do fhreagra.*

Tá easnamh foriomlán de €225 acu.

***Tá**: Tá €1,800 á choigilt acu, agus d'fhéadfaí sin a úsáid chun an t-easnamh a íoc.

**(3)**

(vi)

| Costas Cairr | Seasta | Neamhrialta | Roghnach |
|---|---|---|---|
| **Táille TNG** | ✓ | | |
| **Díosal** | | ✓ | |
| **Rothaí Cóimhiotail Nua** | | | ✓ |
| **Seirbhís Chairr** | | ✓ | |

**(4 × 1)**
**(21 mharc)**

**(C)**

| | |
|---|---|
| Dáta | **16/06/2015** |
| Chuig | **Árachas an Daingin Teo.** |
| Iarmhéid t/aa | €954.00 |
| Lóisteáil | |
| Iomlán | €954.000 |
| An Seic Seo | **545.00** |
| Iarmhéid t/aa | **409.00** |
| **1708** | |

**AIB** 93-55-12

CIONN tSÁILE, CO. CHORCAÍ Dáta **16 Meitheamh 2015**

Íoc **Árachas an Daingin Teo.** nó ordú **euro euro euro**

**Cúig chéad daichead a cúig euro** **€545.00**

**Cuntas an Íocaí amháin**

SINÉAD NÍ DHUIBHIR

*Sinead Ní Dhuibhir*

**1708 935512 545914**

**Comhdhuille**: **4 mhír @ ½ marc an ceann**
**Seic: 6 mhír @ 1 mharc an ceann** **(8 marc)**
**Iomlán 40 marc**

**Ceist 2**: **Ceist í seo ar Chuntas Club**

**(A)** (i)

| **Cuntas Trádála Bialainne Chlub Gailf Uí Mharcaigh don Bhliain dar chríoch 31/12/2014** | | |
|---|---|---|
| Díolacháin sa Bhialann | | 10,850 |
| Lúide Costas Díolachán | | |
| Stoc Tosaigh | 2600 | |
| Ceannacháin don Bhialann | 6,900 | |
| | 9,500 | |
| Lúide Stoc Deiridh | 1,400 | |
| | | 8,100 |
| Brabús na Bialainne | | 2,750 |

**(10)**

(ii)

| **Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chlub Gailf Uí Mharcaigh don Bhliain dar Chríoch 31/12/2014** | | | |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Brabús na Bialainne | | 2,750 | *F.I* |
| Brabús ón tSeachtain Oscailte (6250 – 1590) | | 4,660 | |
| Síntiúis | 10,140 | | |
| Lúide Síntiúis réamhíoctha | 320 | 9,820 | |
| Táillí Imeartha | | 11,200 | |
| Brabús ón Raifil (7800 – 6730) | | 1,070 | |
| | | | **29,500** |
| Lúide **Caiteachas** | | | |
| Árachas | 5,459 | | |
| Lúide Árachas réamhíoctha | 280 | 5,179 | |
| Deisiúcháin ar Threalamh | | 920 | |
| Speansais Ghinearálta | | 5,320 | |
| Solas & Teas | 4,520 | | |
| Cuir Solas & Teas dlite leis | 420 | 4,940 | |
| Dímheas ar Tharracóir 10% | | 2,250 | |
| | | | **18,609** |
| **Barrachas an Ioncaim ar Chaiteachas** | | | 10,891 |

Ní mór barrachas an ioncaim (focail) a bheith comhsheasmhach le figiúr an iarrthóra féin.
Ní mór €10,891 a bheith ceart le 2 mharc a shaothrú.

**(24)**
**(34 marc)**

(B) (i) Cisteoir **(2)**
(ii) Ciste Carntha **(2)**
(iii) Féadfar é a úsáid le leathnú beartaithe a mhaoiniú/le hearraí caipitil a cheannach, amhail sócmhainní seasta/le haon ró-chaiteachas a chlúdach. **(2)**

**(6 mharc)**
**Iomlán 40 marc**

**Ceist 3: Ceist í seo a bhaineann le Buiséad Náisiúnta agus le Caiteachas Náisiúnta**

**(A)** (i)


| **An Buiséad Náisiúnta, 2015** | | **(1)** |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Cáin Chorparáide | 675 | (1) |
| Dleachtanna Máil | 335 | (1) |
| ÍMAT | 3,925 | (1) |
| CBL | 3,150 | (1) |
| | | 8,085 |
| | | |
| **Caiteachas** | | |
| Seirbhísí Sláinte | 3,500 | (1) |
| Coimirce Shóisialach | 1,750 | (1) |
| Oideachas & Scileanna | 2,000 | (1) |
| Fónamh ar Fhiachas | 1,250 | (1) |
| Cúrsaí Mara & Talmhaíochta | 1,000 | (1) |
| | | 9,500 |
| **Easnamh (1)** | | (1,415) **(1)** |
| | | |

**(12)**

(ii) An Roinn Airgeadais nó an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. **(1)**

**(13 mharc)**

**(B)** (i)




**Teideal agus 2 Lipéad @ 1 an ceann = 3. Barraí beachta, lipéadaithe mar is ceart, 5 @ 2 an ceann = Iomlán 13 mharc**

(ii) Is caiteachas aonuaire/fadtéarmach/neamh-athfhillteach é **Caiteachas Caipitil** an Rialtais, e.g. bonneagar/tógáil scoileanna nó tógáil otharlann. **(3)**

**Ach**

Is **Caiteachas Reatha an Rialtais** é caiteachas ar reáchtáil na tíre ó lá go lá, e.g. pá fhostaithe sa tseirbhís phoiblí. **(3)**

(iii) Is cánacha neamhdhíreacha iad **Dleachtanna Máil** ar earraí a shaothraíonn ioncam/ a chuireann in aghaidh ídithe, e.g. peitreal, toitíní, fíon, beoir, etc. **(4)**

Is é is **Fónamh ar Fhiachais** ann an t-ús a íoctar ar an bhFiachas Náisiúnta. **(4)**

**(27 marc)**
**Iomlán 40 Marc**

**Ceist 4**: **Ceist í seo a bhaineann le Tomhaltóirí agus le hÁrachas**

| | Coigilteoir Leictreach | | | Cumhacht Leictreach | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 400 aonad | | | 400 aonad | |
| Buanmhuirear | €10.50 in aghaidh na míosa | **10.50** | **1** | €10.90 in aghaidh na míosa | **10.90** | **1** |
| Ráta Aonaid | €0.1701 an t-aonad | **68.04** | **2** | €0.1715 an t-aonad | **68.60** | **2** |
| Fo-iomlán | | 78.54 | | | 79.50 | |
| Lascainí | Lascaine 15% | **10.21** | **1** | Lascaine 20% | **13.72** | **1** |
| Fo-iomlán | | 68.33 | | | 65.78 | |
| CBL 13.5% | | **9.22** | | | **8.88** | |
| Iomlán | | **77.5** | **1** | | **74.66** | **1** |

**(A)**

**(10)**

Mholfainn dó an Chuideachta **Cumhacht Leictreach** a roghnú de thairbhe go mbeidh an ghlaníocaíocht mhíosúil níos saoire de €2.89 sa mhí ná Coigilteoir Leictreach. **(2)**
(**12mharc)**

**(B) Litir**

An Chearnóg
Ráth Domhnaigh
Co. Laoise

9 Meitheamh 2015

An tUas. Breandán Mistéil
An Ché
An tInbhear Mór
Co. Chill Mhantáin

**Tag**: Eolas ar árachas baile a cheannach

A Bhreandáin, a chara

Mar fhreagra ar d'fhiosrúchán ina raibh tú ag iarraidh comhairle ar árachas tí a cheannach, tá súil agam go mbainfidh tú tairbhe as an eolas seo a leanas.

Agus árachas á cheannach agat, ní mór duit na prionsabail ábhartha a bhaineann le hárachas a thuiscint, mar seo a leanas:

**Leas Inárachais**: Ní mór leas airgid a bheith agat in aon earra is mian leat a árachú/ní mór duit a bheith in ann gnóthú de thairbhe an earra a bheith ann nó fulaingt i dtéarmaí airgeadais de dheasca é a chailleadh.

**Meon lánmhaith**: Ní mór duit gach ceist ar fhoirm thogra a fhreagairt go fírinneach/gach fíric ábhartha a nochtadh a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an gconradh árachais.

Tá súil agam go bhfuil sé seo ina chuidiú agat, agus ná bíodh moill ort dul i dteagmháil liom arís am ar bith.

Is mise, le meas,
Gearóid Ó Murchú

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Leagan amach** | **9 @ 1** | **=** | **9** |
| **2 phrionsabal mínithe** | **(2 × 4)** | **=** | **8** |
| **Cur i láthair** | | **=** | **3** |

**(20 marc)**

**(C)**

(i) **Ní mhalartófar earraí** – An tAcht um Dhíol Earraí agus um Sholáthar Seirbhísí, 1980. **(2)**

**Bróga Reatha *Téigh-ag-Rith*** – An tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí, 1978/An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007. **(2)**

(ii) **Ní mhalartófar earraí** – Tá an díoltóir freagrach as aon locht ar ar na hearraí, agus ní mór dó/di iad a ghlacadh ar ais mura n-oibríonn siad mar is ceart. **(2)**

**Bróga Reatha *Téigh-ag-Rith*** – Eolas bréagach nó míthreorach. **(2)**

**(8 marc)**

**Iomlán 40 marc**

**Ceist 5**: **Ceist í seo a bhaineann le Leabhar Airgead Anailísithe agus le Baincéireacht Phearsanta**

**(A)** **Leabhar Airgead Anailísithe Mháire Ní Cheallaigh**

| 2015 | | Airgead | Pinsean | Eile | 2015 | | Airgead | Tíos | S&T | Árach. | Eile |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Beal.1 | Iarmhéid | **750 | | | Beal 7 | Earraí Grósaera | 175 | 175 | | | |
| 4 | Pinsean | 940 | 940 | | 9 | Bille an Gháis | 135 | | 135 | | |
| 30 | Bua sa Lató | 50 | | 50 | 13 | Tabhartas Carthanúil | 10 | | | | 10 |
| | | | | | 15 | Árachas Tí | 30 | | | 30 | |
| | | | | | 19 | Bille an Bhreosla | 145 | | 145 | | |
| | | | | | 20 | Earraí Grósaera | 165 | 165 | | | |
| | | | | | 23 | Gruagaire | 40 | | | | 40 |
| | | | | | 26 | Árachas Sláinte | 150 | | | 150 | |
| | | | | | 27 | An búistéir | 90 | 90 | | | |
| | | | | | 31 | Earraí Grósaera | 95 | 95 | | | |
| | | | | | | Iarmhéid | **705 | | | | |
| | | 1,740 | 940 | 50 | | | 1,740 | 525 | 280 | 180 | 50 |
| Meith. 1 | Iarmhéid | **705 | | | | | | | | | |
| **Marcanna** | | **3** | **½** | **½** | | | **6** | **2** | **1** | **1** | **1** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Taobh an Dochair: | Iarmhéid 750 | = | 1 |
| | 4 fhigiúr @ ½ | = | 2 |
| Taobh an tSochair: | 20 figiúr @ ½ | = | 10 |
| | Iarmhéid 705 | = | 2 |
| | Dátaí | = | 1 (ní mór an bhliain a bheith ann) |
| | Teideal | = | 1 |

**(17 marc)**

**(B)** (i) *Ainmnigh **trí** riachtanas nach foláir do dhuine a chomhlíonadh nuair a bhíonn cuntas bainc á oscailt aige/aici.*

- Cruthúnas ar sheoladh baile, e.g. bille fóntais
- Cruthúnas aitheantais, e.g. pas, ceadúnas tiomána.
- Uimhir PSP (Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí).
- Foinse ioncaim i ndáil le lóisteálacha móra.

**(3 × 2)**

(ii) *Tabhair breac-chuntas ar dhá dhifríocht atá idir cuntas reatha agus cuntas taisc.*

- D'fhéadfadh áis rótharraingthe a bheith ag cuntas reatha, ach ní féidir a aistarraingt as cuntas taisce ach an méid atá ann.
- Is féidir íocaíochtaí a dhéanamh trí bhuanordú/dochar díreach/aistriú creidmheasa/seiceanna/cártaí dochair ón gcuntas reatha, ach ní mór airgead tirim a aistarraingt as an gcuntas taisce le híocaíochtaí a dhéanamh.
- D'fhéadfadh táillí a bheith i gceist le cuntas reatha, ach níl táillí i gceist le cuntais taisce.
- Tairgtear ús ar an iarmhéid i gcuntas taisce. Le hús a fháil ar chuntais reatha, d'fhéadfadh íosmhéid airgid sa chuntas a bheith riachtanach.

**(2 × 3)**

(iii) *Luaigh agus mínigh conas a d'aistreofaí a pinsean míosúil go dtí a cuntas bainc.*

**Ríomhaistriú Airgid** – Aistríonn a soláthraí pinsin a pinsean go díreach isteach ina cuntas reatha bainc.

**(2)**

(iv) *Mínigh* ***trí*** *mhodh dhifriúla a d'fhéadfadh Máire a úsáid chun* ***gach aon cheann*** *de na billí seo a íoc as a cuntas bainc nua.*

| | |
|---|---|
| **Gás** | Seic, Dochar Díreach/Cárta Dochair |
| **Árachas sláinte míosúil** | Buanordú, Dochar Díreach |
| **Earraí Grósaera** | Seic, Cárta Dochair, UMB (ATM) |

Míniúcháin (2 mharc an ceann, gan athrá ar bith déanta)

| | |
|---|---|
| Seic: | Treoir ó Mháire i scríbhinn atá ann, don bhanc, méid ar leith a íoc leis an duine ainmnithe ar an tseic. |
| Dochar Díreach: | Féadfaidh Máire cead a thabhairt do chreidiúnaí íocaíochtaí inathraitheacha a bhaint as a cuntas ar dháta comhaontaithe/ inathraitheach. |
| Buanordú: | Féadfaidh Máire treoracha a thabhairt dá banc íocaíochtaí seasta a bhaint as a cuntas ar dháta comhaontaithe/seasta. |
| Cárta Dochair: | Nuair a úsáideann Máire a cárta dochair, baintear airgead go díreach as a cuntas agus déantar é a aistriú láithreach go dtí cuntas bainc eile. |
| UMB: | Féadfaidh Máire a cárta a úsáid le hairgead a fháil óna cuntas trí chárta UMB a úsáid. Is féidir an t-airgead a úsáid ina dhiaidh sin lena billí a íoc. |

**(3 × 3)**
**(23 marc)**

**Iomlán 40 marc**

**Ceist 6**: **Ceist í seo a bhaineann le Daoine ag Obair**

**(A)** (i) Tá sé neamhdhleathach iarratasóirí mná amháin a lorg. **(2)**

(ii) **Bunphá**: Íocaíocht don ghnáthsheachtain oibre/de réir conartha. **(3)**

**Ragobair**: Pá breise/pá ar ráta níos airde in aghaidh na huaire as a bheith ag obair níos mó ná an ghnáth-thréimhse oibre **(3)**

**R-phost**: Doiciméid/teachtaireachtaí/íomhánna a sheoladh/a fháil thar an idirlíon trí sheoladh freastalaí post gréasáin a úsáid. **(3)**

**Fostóir Comhdheise**:
Agus oibrithe á bhfostú aige, ní dhéanann Meánach Teo. idirdhealú ar fhoras inscne, cine, datha, creidimh ná aoise. **(3)**

(iii) Sonraí oideachais
Taithí oibre
Sonraí moltóirí
Seoladh ríomhphoist
Caithimh aimsire/ábhair suime/éachtaí **(3 × 2)**
**(20 marc)**

**(B)** (i) **Stíobhard Ceardlainne** **(2)**

(ii) A cearta mar fhostaí a chur in iúl di.
Cuidiú léi aon fhadhbanna lena fostóir a réiteach.
Síntiúis cheardchumainn a bhailiú.
Chuirfeadh Michelle ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha a fuarthas ón gCeannoifig.
Í a chur ar an eolas faoi aon ghníomhaíocht sa cheardchumann, e.g. Comhar Creidmheasa, gníomhaíochtaí sóisialta, agóidí atá ag teacht aníos. **(2 × 3)**

(iii) Poncúlacht i gcónaí.
Iontaofacht le faisnéis íogair.
Macánta i gcónaí.
Múinte le custaiméirí i gcónaí.
Comhoibritheach leis an bhfoireann.
Rialacha agus rialacháin an fhostóra a chomhlíonadh.
Meas a bheith aici ar threalamh agus ar réadmhaoin.
Gan dochar a dhéanamh do dhea-chlú na cuideachta.
**(2 × 2)**

(iv) Is é €546/39 = €14 san uair an bunráta.
Is ionann am go leith agus €21 san uair
Is ionann am dúbailte agus €28 san uair.

| Uaireanta | Ráta | Iomlán | |
|---|---|---|---|
| 39 | 14.00 | **546.00** | **2** |
| 7 | 21.00 | **147.00** | **2** |
| 3 | 28.00 | **84.00** | **2** |
| Pá Comhlán | | **€777.00** | **2** |

**(8)**
**(20 marc)**
**Iomlán 40 marc**

**Nótaí Tacaíochta do 2015**

**C.1 Ceist í seo a bhaineann le Leabhar Túsiontrála, le Mórleabhar agus le Comhardú Trialach.**

**(A~B)**

**Leabhar Díolachán GEAL Teo. (4)**

| Dáta 2015 | Sonraí | Sonrasc Uimh. | F | GLAN € | CBL € | IOMLÁN € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1/5 | VATA Teo. | 20 | MLF | 44,000 | 10,120 | 54,120 |
| 19/5 | VATA Teo. | 21 | MLF | 37,000 | 8,510 | 45,510 |
| | | | | 81,000 | 18,630 | 99,630 |
| | | | | MLG | MLG | |
| | | 1(½+½) | | 1 (½+½) | 1 (½+½) | 1 (½+½) |

**Leabhar Ceannachán GEAL Teo. (2½)**

| Dáta 2015 | Sonraí | Sonrasc Uimh. | F | GLAN € | CBL € | IOMLÁN € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 10/5 | MAOL Teo. | 91 | MLC | 26,000 | 5,980 | 31,980 |
| | | | | MLG | MLG | |
| | | 1 | | ½ | ½ | ½ |

**Leabhar Airgead Tirim Anailísithe GEAL Teo. – Taobh an Dochair (4½)**

| Dáta 2015 | Sonraí | Fáltas Uimhir *1(½+½)* | F | Banc € | Díol-achán € | CBL € | Féichiún-aithe € | Scair-chaipiteal € | Marc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 7/5 | Scairshealbhóir | 6 | MLG | 105,000 | | | | 105,000 | 1(½ + ½) |
| 28/5 | VATA Teo. | 7 | MLF | 75,000 | | | 75,000 | | 1(½ + ½) |
| 31/5 | Díolacháin | | MLG | 25,830 | 21,000 | 4,830 | | | 1½(½+½+½) |
| | | | | 205,830 | 21,000 | 4,830 | 75,000 | 105,000 | *3½* |
| 1/6 | Iarmhéid T/A | | | 148,080 | | | | | |

**Leabhar Airgead Tirim Anailísithe GEAL Teo. – Taobh an tSochair (4½)**

| Dáta 2015 | Sonraí | Seic Uimhir *1(½+½)* | F | Banc € | Ceannacháin € | CBL € | Pá € | Marc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 12/5 | Ceannacháin | 30 | MLG | 30,750 | 25,000 | 5,750 | | 1½(½+½+½) |
| 17/5 | Pá | 31 | MLG | 27,000 | | | 27,000 | 1(½+½) |
| | | | | 57,750 | 25,000 | 5,750 | 27,000 | |
| 31/5 | Iarmhéid T/S | | | 148,080 | | | | 1 |
| | | | | 205,830 | | | | *3½* |

**C.1 ar lean.**

| Dáta 2015 | Sonraí | F | Iomlán € | Dáta 2015 | Sonraí | F | Iomlán € | Marc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **MÓRLEABHAR GEAL Teo.** | | | | | | | | |
| **Cuntas Gnáth-Scairchaipitil** *(1)* | | | | | | | | |
| | | | | 7/5 | Banc | MLG | 105,000 | 1 |
| | | | | | | | | |
| **Cuntas Díolachán** *(2)* | | | | | | | | |
| | | | | 31/5 | Glanfhéichiúnaithe Iomlána | LLD | 81,000 | 1 |
| | | | | 31/5 | Banc | LAM | 21,000 | 1 |
| | | | | | | | 102,000 | |
| **Cuntas Ceannachán** *(2)* | | | | | | | | |
| 31/5 | Glanchreidiúnaithe Iomlána | LLC | 26,000 | | | | | 1 |
| 31/5 | Banc | LAM | 25,000 | | | | | 1 |
| | | | 51,000 | | | | | |
| **Cuntas CBL** *(5)* | | | | | | | | |
| 31/5 | Ceannacháin Chreidmheasa | LLC | 5,980 | 31/5 | Díolacháin Chreidmheasa | LLD | 18,630 | 1 + 1 |
| 31/5 | Ceannacháin Airgead Tirim | LAM | 5,750 | 31/5 | Díolacháin Airgead Tirim | LAM | 4,830 | 1 + 1 |
| 31/5 | Iarmhéid T/S | | 11,730 | | | | | 1 |
| | | | 23,460 | | | | 23,460 | |
| | | | | 1/6 | Iarmhéid T/A | | 11,730 | |
| | | | | | | | | |
| **Cuntas Pá** *(1)* | | | | | | | | |
| 17/5 | Banc | LAM | 27,000 | | | | | 1 |
| | | | | | | | | |
| **MÓRLEABHAR FÉICHIÚNAITHE GEAL Teo.** | | | | | | | | |
| **Cuntas WATT Teo.** *(4)* | | | | | | | | |
| 1/5 | Díolacháin | LLD | 54,120 | 28/5 | Banc | LAM | 75,000 | 1 + 1 |
| 19/5 | Díolacháin | LLD | 45,510 | 31/5 | Iarmhéid T/S | | 24,630 | 1 + 1 |
| | | | 99,630 | | | | 99,630 | |
| 1/6 | Iarmhéid T/A | | 24,630 | | | | | |
| | | | | | | | | |
| **MÓRLEABHAR CREIDIÚNAITHE GEAL Teo.** | | | | | | | | |
| **Cuntas MAOL Teo.** *(1)* | | | | | | | | |
| | | | | 10/5 | Ceannacháin | LLC | 31,980 | 1 |
| | | | | | | | **Marcanna Iomlána** | 16 |

**C.1 ar lean.**

**Comhardú Trialach Geal Teo. ar an 31/5/2015**

| | DR € | SR € | Marc |
|---|---|---|---|
| Banc | 148,080 | | ½ |
| Ceannacháin | 51,000 | | ½ |
| Pá | 27,000 | | ½ |
| VATA Teo. | 24,630 | | ½ |
| Scairchaipiteal | | 105,000 | ½ |
| Díolacháin | | 102,000 | ½ |
| CBL | | 11,730 | ½ |
| MAOL Teo. | | 31,980 | ½ |
| | 250,710 | 250,710 | 4 |

**Achoimre ar na Marcanna**

| Leabhar Díolachán | Leabhar Ceannachán | Leabhar Airgead Tirim Anailísithe | Mórleabhar | Comhardú Trialach | Dátaí | Fóilió | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 4 | 2½ | 9 | 16 | 4 | 2½ | 2 | 40 |

**C.2 Ceist í seo a bhaineann le Ceannacháin ar Cairde, Doiciméid Ghnó agus le Leabharchoimeád**

**(A) (i)**

| **Dhá Dhoiciméad** | **Marc** |
|---|---|
| Sonrasc, Ráiteas | 2 + 2 |

**(ii)**

| **Cúis** | **Marc** |
|---|---|
| Le híocaíocht roimh an dáta dlite nó an dáta comhaontaithe a spreagadh | 2 |
| Le custaiméirí nua a tharraingt/díolacháin a mhéadú | 4 |

**Le hÚsáid le C.2 (B) (i)**

| | | | **Marc** |
|---|---|---|---|
| **GB Teo., An Bealach Thiar, Trá Lí, Co. Chiarraí** | | **Uimhir Ordaithe: 11** | |
| Teileafón: 066 7612317 | | Cláruimhir CBL IE 5542134 | |
| *CP Teo.* | | Dáta: 22/5/2015 | *1 + 1* |
| *Bóthar na Páirce Glaise* | | | |
| *An Cabhán* | | Uimhir Luachana: 31 | |
| *Co. an Chabháin* | | | |
| **CAINNÍOCHT** | **SONRAÍ** | **PRAGHAS AN CEANN €** | |
| *100* | *Péire Bróg* | *55* | *3* |
| *200* | *Hata Gréine* | *12* | |
| 200 | *Mata Plaisteach* | *20* | |
| | | | |
| Earraí le bheith seachadta go dtí an seoladh thuasluaite laistigh de 10 lá<br>Síniú *Gráinne Ní Bhrua* | | Teideal *Bainisteoir Ceannachán* | 1 + 1 |

(7 marc + Bónas 1)

**C.2 (B) (ii)**

| **Nósanna Imeachta** | **Marc** |
|---|---|
| Cóip den ordú a chomhdú/comhdú go leictreonach | 2 |
| Seiceáil go bhfuil ainm agus seoladh an díoltóra ceart | 2 |

**C.2 ar lean.**

**Le húsáid le C.2 (C) (i)**

| | | | | Marc |
|---|---|---|---|---|
| **CP Teo., Bóthar na Páirce Glaise, an Cabhán, Co. an Chabháin** | | **NÓTA CREIDMHEASA Uimh. 22** | | |
| Teileafón: 049 9132131 | | Cláruimhir CBL. IE 2356731 | | |
| *GB Teo.* | | Dáta: *09 /6/2015* | | 1+1 |
| *Bealach an Iarthair* | | | | |
| *Trá Lí* | | D'Uimhir Ordaithe: 11 | | |
| *Co. Chiarraí* | | | | |
| **CAINNÍOCHT** | **SONRAÍ** | **PRAGHAS AN CEANN €** | **IOMLÁN €** | |
| *50* | *Mata Plaisteach* | *20* | *1,000* | *4* |
| | *Cúis:* ***stróicthe*** *(1)* | | | |
| | | Iomlán (gan CBL san áireamh) | *1,000* | |
| | | Lascaine Thrádála | *300* | *1* |
| | | Fo-iomlán | *700* | *1* |
| | | CBL | *161* | *1* |
| E & EE | | Iomlán (CBL san aireamh) | *861* | *1* |

**Le húsáid le C.2 (C) (ii)**

**Leabhar na nAischur Isteach de chuid CP Teo.**

| Dáta | Sonraí | Uimhir an Nóta Creidmheasa | F | GLAN € | CBL € | IOMLÁN € | Marc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| *9/6/2015* | *GB Teo.* | *22* | *DL* | *700* | *161* | *861* | *7* |

**Achoimre ar na Marcanna**

| A | B | C | Iomlán |
|---|---|---|---|
| **10** | **12** | **18** | **40** |

**C.3 Baineann an cheist seo le Réamhaisnéis Sreabhadh Airgid agus le Tionscnamh Gnólachta.**

**RÉAMHAISNÉIS SREABHADH AIRGID LALA Teo. le haghaidh na tréimhse Aibreán go Meán Fómhair 2016**

| | **Aib. €** | **Beal. €** | **Meith. €** | **Iúil €** | **Lún. €** | **M.F €** | **Iomlán Aib. - MF €** | **Marcanna 28** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **FÁLTAIS** | | | | | | | | |
| Díolacháin ar Airgead Síos | 75,000 | 75,000 | 75,000 | 75,000 | 75,000 | 97,500 | 472,500 | *2* |
| Scairchaipiteal | | | | 190,000 | | | 190,000 | *1* |
| Deontas | | 100,000 | | | | | 100,000 | *1* |
| **A. Iomlán na bhFáltas** | 75,000 | 175,000 | 75,000 | 265,000 | 75,000 | 97,500 | 762,500 | *0* |
| **ÍOCAÍOCHTAÍ** | | | | | | | | |
| Solas agus Teas | 3,800 | | 3,800 | | 4,636 | | 12,236 | *2* |
| Pá | 24,000 | 24,000 | 24,000 | 24,000 | 27,000 | 24,000 | 147,000 | *2* |
| Innealra | 120,000 | | | | 100,000 | | 220,000 | *1* |
| Aisíocaíochtaí Iasachta | 5,000 | 5,000 | 5000 | 5,000 | | | 20,000 | *1* |
| Ceannacháin ar Airgead Síos | 18,000 | 18,000 | 18,000 | 18,000 | 18,000 | 22,500 | 112,500 | *2* |
| Costais Iompair | 11,000 | 11,000 | 11,000 | 11,000 | 11,000 | 12,650 | 67,650 | *2* |
| **B. Iomlán na nÍocaíochtaí** | 181,800 | 58,000 | 61,800 | 58,000 | 160,636 | 59,150 | 579,386 | *0* |
| C. Airgead Glan (A-B) | (106,800) | 117,000 | 13,200 | 207,000 | (85,636) | 38,350 | 183,114 | *5* |
| D. Airgead Tosaigh | 54,000 | (52,800) | 64,200 | 77,400 | 284,400 | 198,764 | 54,000 | *4* |
| E. Airgead Deiridh (C+D) | (52,800) | 64,200 | 77,400 | 284,400 | 198,764 | 237,114 | 237,114 | *5* |

**(B) (i)**

| **Míniú** | **Marc** |
|---|---|
| Le fáil amach an féidir le LALA Teo. maireachtáil laistigh dá chuid acmhainní | 3 |
| Le fáil amach an mbeidh fadhbanna leachtachta ag LALA Teo. sa todhchaí | 3 |

**(B) (ii)**

| **Ceannteidil i bPlean Gnó Mínithe le samplaí** | **Marc** |
|---|---|
| **Táirge**: Tugann sé seo cur síos ar an táirge nó ar an tseirbhís a dhíolann an gnólacht, e.g. déanann LALA Teo. troscán tí. | 3 |
| **Taighde Margaidh**: Leagann sé seo eolas amach faoi thomhaltóirí nó faoi iomaitheoirí, e.g. tá trí iomaitheoir agus 1,000 custaiméir ag LALA Teo. | |
| **Tionscnamh (Cur Chun Cinn) Díolachán:** Tugann sé seo míniú ar na modhanna a úsáidtear chun díolacháin a spreagadh agus a mhéadú, e.g. úsáideann LALA Teo. fógraí teilifíse lena throscán a chur chun cinn. | 3 |
| **Airgeadas**: Léiríonn sé seo an méid airgid atá ag teastáil ó LALA Teo., e.g. tá €100,000 ag teastáil ó LALA Teo. le hinnealra nua a cheannach, agus is féidir leis cuid dá chúlchiste a úsáid ina leith sin. | |

**Achoimre ar na Marcanna**

| **A** | **B** | **Iomlán** |
|---|---|---|
| **28** | **12** | **40** |

**C.4 Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus le Clár Comhardaithe**

**(A)**

| 1½ | | 1 | | 1½ | Marc |
|---|---|---|---|---|---|
| **Cuntas Trádála, Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais LVG Teo. don bhliain dar críoch 31/12/2014** | | | | | |
| | | **€** | **€** | **€** | |
| | Díolacháin | | | 353,000 | ½ |
| | Lúide Costas Díolachán | | | | |
| | Stoc Tosaigh 01/01/2014 | | 30,000 | | ½ |
| | Ceannacháin | | 190,000 | | ½ |
| | Carraeireacht Isteach | | 5,000 | | ½ |
| | | | 225,000 | | 0 |
| | Stoc Deiridh 31/12/2014 | | 23,000 | 202,000 | ½ + **0** |
| | **BRABÚS COMHLÁN** | | | 151,000 | 2 (**1** + 1) |
| | **Móide Gnóthachain** | | | | |
| | Coimisiún Infhála | | 6,000 | | ½ |
| | Cuir Coimisiún Infhála dlite leis | | 2,000 | 8,000 | ½ + ½ |
| | | | | 159,000 *(FI)* | 0 |
| | **Lúide Costais** | | | | |
| | Fógraíocht | 14,000 | | | ½ |
| | Lúide fógraíocht réamhíoctha | 3,000 | 11,000 | | ½ + ½ |
| | Drochfhiacha | | 7,000 | | ½ |
| | Pá | 64,000 | | | ½ |
| | Cuir Pá dlite leis | 4,000 | 68,000 | | ½ + ½ |
| | Dímheas: Innealra | 27,150 | | | ½ |
| | Veaineanna Mótair | 10,680 | 37,830 | 123,830 | ½+½+**0** |
| | **GLANBHRABÚS** | | | 35,170 *(FI)* | 3 (**1** + 2) |
| | Lúide Díbhinní a íocadh | | | 25,000 | ½ |
| | | | | 10,170 | **0** |
| | Cuir Cúlchistí Tosaigh leis | | | 12,000 | 1 |
| | **CÚLCHISTÍ** | | | 22,170 *(FI)* | **0** |
| | | | | | **19½** |

(FI = Figiú(i)r an iarrthóra)

**C.4 ar lean.**

| ½ | 1 | | ½ | Marc |
|---|---|---|---|---|
| **Clár Comhardaithe** | **LVG Teo.** | | **ar an 31/12/2014** | |
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | **Costas €** | **Dímheas €** | **Glanluach de réir na leabhar €** | |
| Innealra | 181,000 | 27,150 *(FI)* | 153,850 *(FI)* | ½+½+½ |
| Veaineanna Mótair | 89,000 | 10,680 *(FI)* | 78,320 *(FI)* | ½+½+½ |
| **Iomlán na Sócmhainní Seasta** | 270,000 | 37,830 *(FI)* | 232,170 *(FI)* | ½+½+½ |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | | |
| Stoc deiridh | 23,000 | | | ½ |
| Airgead Tirim | 3,000 | | | ½ |
| Banc | 27,000 | | | ½ |
| Féichiúnaithe | 22,000 | | | ½ |
| Fógraíocht réamhíoctha | 3,000 | | | ½ |
| Coimisiúin infhála dlite | 2,000 | 80,000 | | ½ + **0** |
| **Lúide DLITEANAIS REATHA** | | | | |
| Creidiúnaithe | 16,000 | | | ½ |
| Pá dlite | 4,000 | 20,000 | | ½ + **0** |
| **CAIPITEAL OIBRE** | | | 60,000 | **0** |
| **IOMLÁN NA nGLANSÓCMHAINNÍ** | | | 292,170 | ½ *(FI)* |
| **MAOINITHE AG** | **ÚDARAITHE** | **EISITHE** | | ½+½ |
| 380,000 Gnáthscair €1 | 380,000 | 240,000 | | ½+½ |
| Cuir Cúlchistí leis | | 22,170 | | ½ *(FI)* |
| **Dliteanais Fadtéarma** | | | | |
| Iasacht 30 Bliain | | 30,000 | | ½ |
| **CAIPITEAL IN ÚSÁID** | | | 292,170 | ½ *(FI)* |
| | | | | **14½** |

**(B)**

| Míniú | Marc |
|---|---|
| Is ionann Carraeireacht Isteach agus costas a íocann ceannaitheoir chun na hearraí a ceannaíodh a iompar. | 5 |

**Achoimre ar na Marcanna**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **A** | Cuntas Trádála, Leithghabhála, Brabúis agus Caillteanais<br>Clár Comhardaithe<br>Cur i láthair | 19½<br>14½<br>1 | 35 | **Iomlán** |
| **B** | Freagra Ceart | | 5 | 40 marc |

**C.5 Ceist í seo a bhaineann leis an Slabhra Táirgeachta, le hAirgeadas agus le Baincéireacht**.

**(A) (i)**

| | | Marc |
|---|---|---|
| **Earnáil** | Seirbhísí | 3 |
| **Cúis** | Cuireann R&M ÉIREANN Teo. cúrsaí agus oiliúint ar fáil. | 3 |

**(A) (ii)**

| Ainm Gnó/Institiúidí | Marc |
|---|---|
| Baincéireacht | 2 |
| Árachas | 2 |

**(B) (i)**

| | Eolas Iasachta | Marc |
|---|---|---|
| **1** | Cuspóir na hIasachta | 2 |
| **2** | Méid | 2 |
| **3** | Fianaise ar a gcumas an iasacht a aisíoc | 2 |

**(B) (ii)**

| Míniú | Marc |
|---|---|
| Is é seo an t-urrús a thugann an t-iasachtaí don iasachtóir, rud a d'fhéadfadh a dhíol dá mba rud é nach n-aisíocfaí an iasacht. | 3 |
| **Sampla** Foirgnimh/Talamh | 1 |

**(B) (iii)**

| Bliain | Caipiteal € | Ús ar 8% RCB € | Míniú | Marc |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 45,000 | 3,600 | *8% de €45,000* | 3 |
| 2 | 30,000 | 2,400 | *8% de €30,000* | 3 |
| 3 | 15,000 | 1,200 | *8% de €15,000* | 3 |
| **An tÚs Iomlán le hÍoc** | | **7,200** | | 3 |

**(B) (iv)**

| Foinse | Míniú | Marc |
|---|---|---|
| Scairchaipiteal | Airgead/sócmhainní infheistithe ag na scairshealbhóirí | (2 + 4) |
| Deontas | Airgead a thugann an rialtas/an AE faoi choinníollacha ar leith nach gá a aisíoc | 2 |

**Achoimre ar na Marcanna**

| A | B | Iomlán |
|---|---|---|
| **10** | **30** | **40** |

**C.6 Ceist í seo a bhaineann le hÁrachas Gnó agus le Scríobh Tuarascála.**

| **TEIMPLÉAD TUARASCÁLA** | | **Marc** |
|---|---|---|
| **Ó**: | *Bríd Ní Chonchúir, 13 Céide an Íseal-riosca, Gaillimh* | *1* |
| **Go**: | *Stiúrthóirí SÓ BAILE Teo., Clár Chlainne Mhuiris, Co. Mhaigh Eo* | *1* |
| **Teideal na Tuarascála**: | *Comhairle maidir le Cumhdach Árachais agus Ceisteanna Eile* | *1* |
| **Dáta**: | *9 Meitheamh 2015* | *1* |
| **Réamhrá**: | *Rinne mé na ceisteanna a chuir tú orm a bhreithniú, agus tá mo fhreagraí leagtha amach thíos* | *1* |
| **Freagraí ar Cheist A (i), (ii), (iii)** | *A (i) Níl riosca inárachais mura bhfuil go leor rioscaí comhchosúla ann le hárachú m.sh. árachas taistil chuig an ngealach*<br>*A (ii) Tá árachas mótair riachtanach de réir an dlí.*<br>*A (iii) Árachas gadaíochta ar eagla go ngoidfí earraí.*<br>*Árachas ar Airgead faoi Bhealach ar eagla go ngoidfí an t-airgead tirim ata á aistriú chuig an mbanc dhá uair sa tseachtain.*<br>*Árachas Dliteanas Fostóra ar eagla go ngortófaí oibrithe na cuideachta agus iad ag obair.* | *4*<br>*2*<br>*4*<br>*4*<br>*4*<br>*4* |
| **Le déanamh ina dhiaidh seo**: | *Tá mé ar fáil le haon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ag na stiúrthóirí a phlé.* | 1 |
| **Síniú**: | *Bríd Ní Chonchúir* | 1 |
| **Teideal Scríbhneoir na Tuarascála**: | *Comhairleoir Árachais* | 1 |

**B (i)**

| **Míniú** | **Marc** |
|---|---|
| *Is ionann Árachas Leordhóthanach agus gach riosca féideartha a bheith árachaithe don mhéid ceart.* | **3** |

**B (ii)**

| **Freagra** | **Cúis** | **Marc** |
|---|---|---|
| **€150,000** | Bhí tearc-árachas €200,000 i gceist leis na foirgnimh, i.e. ní raibh siad árachaithe ach ag 75% dá luach. Is ionann 75% de €200,000 agus €150,000. | **5 + 2** |

**Achoimre ar na Marcanna**

| **A** | **B** | **Iomlán** |
|---|---|---|
| **30** | **10** | **40** |